2026/2360

26.10.2026

# CINNEADH (AE) 2026/2360 ÓN gCOMHAIRLE

## an 1 Deireadh Fómhair 2026

## maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2026/643 ón gComhairle [2], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ('an Comhaontú') an 5 Márta 2026, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Leis an gComhaontú, cuirtear ar a gcumas d'aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ón Aontas Eorpach chuig Cónaidhm na hEilvéise agus lánurraim á tabhairt do na cearta dá bhforáiltear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh a aithnítear in Airteagail 7 den Chairt agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta a aithnítear in Airteagail 8 den Chairt. Go háirithe, cuimsítear sa Chomhaontú coimircí iomchuí chun sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin gComhaontú a chosaint.

(3) Cothaítear leis an gComhaontú comhar póilíneachta agus breithiúnach idir údaráis inniúla Chónaidhm na hEilvéise agus údaráis inniúla na mBallstát chomh maith le Europol agus Eurojust, agus é mar aidhm leis an tslándáil inmheánach a áirithiú go héifeachtach in éagmais rialuithe ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir dar dáta an 9 Feabhra 2026, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo..

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[1] Toiliú an 16 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh (AE) 2026/643 ón gComhairle an 23 Feabhra 2026 maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L, 2026/643, 17.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/643/oj).

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ([3]) agus thug an Maoirseoir tuairim uaidh an 19 Nollaig 2025 ([4]).

(7) Ba cheart an Comhaontú agus an Dearbhú Comhpháirteach atá i gceangal leis a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh mar aon leis an Dearbhú Comhpháirteach ([5]) atá i gceangal leis.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([6]).

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 1 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. O'CALLAGHAN

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([4]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

([5]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/2361, 26.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/2361/oj.

([6]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.